2024/2064

26.7.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2024/2064 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Iúil 2024

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó [1] agus go háirithe Airteagal 6(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Nollaig 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/788/CBES.

(2) An 12 Nollaig 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/2231 [2] mar fhreagairt ar na bacainní a cuireadh ar an bpróiseas toghchánaíochta i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC) agus ar na sáruithe gaolmhara ar chearta an duine. Le Cinneadh (CBES) 2016/2231 leasaíodh Cinneadh 2010/788/CBES agus tugadh isteach bearta sriantacha breise.

(3) Mar thoradh ar mheastóireacht ar na himthosca ábhartha agus i bhfianaise thromchúis na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, measann an Chomhairle gur cheart naonúr agus eintiteas amháin a chur le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/788/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Iúil 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.

---

[1] IO L 336, 21.12.2010, lch. 30.

[2] Cinneadh (CBES) 2016/2231 ón gComhairle an 12 Nollaig 2016 lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 336 I, 12.12.2016, lch. 7).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES mar a leanas:

(1) cuirtear na daoine seo a leanas le Roinn A ('Daoine'):

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
'27.	Benjamin MBONIMPA	Feidhm/grád: Rúnaí Feidhmiúcháin *March 23 Movement / Congolese Revolutionary Army* [Gluaiseacht an 23 Márta/Arm Réabhlóideach an Chongó] (M23/ARC), Maoirseoir ar bhuanrúnaíocht *Alliance Fleuve Congo*. Inscne: fireann	Tá ról ceannasach mar Rúnaí Feidhmiúcháin ag Benjamin Mbonimpa in M23/ARC, grúpa armtha neamhrialtasach atá ag oibriú in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Coinníonn M23/ARC an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, go háirithe trí fhoréigean a ghríosú. Ina theannta sin, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear maruithe, ionsaithe agus foréigean gnéasach in aghaidh sibhialtach. Mar gheall ar a ról ceannasach in M23/ARC, bíonn baint ag Benjamin Mbonimpa, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha iad ar chearta an duine. Tá sé freagrach freisin as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.	26.7.2024
28.	Justin Gacheri MUSANGA	ar a dtugtar freisin Gaceri MUSANGA, CS BRAVO SIERRA, BRAVO THREE Feidhm/grád: Briogáidire-Ghinearál *March 23 Movement / Congolese Revolutionary Army* [Gluaiseacht an 23 Márta/Arm Réabhlóideach an Chongó] (M23 /ARC) Áit bhreithe: Masisi, Poblacht Dhaonlathach an Chongó Inscne: fireann Athair: Erasto NTIBATURANA (gnáthcheannaire Hutu in BUSUMBA)	Tá ról ceannasach mar Bhriogáidire-Ghinearál ag Justin Gacheri Musanga in M23/ARC, grúpa armtha neamhrialtasach atá ag oibriú in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Coinníonn M23/ARC an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, go háirithe trí fhoréigean a ghríosú; Tá sé freagrach freisin as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear maruithe agus ionsaithe agus foréigean gnéasach in aghaidh sibhialtach chomh maith le hearcú leanaí. Mar gheall ar a ról ceannasach in M23/ARC, bíonn baint ag Justin Gacheri Musanga, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha iad ar chearta an duine. Tá sé freagrach freisin as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.	26.7.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
29.	Pierre Celestin RURAKABIJE	ar a dtugtar freisin Guillaume NGABO, Bagdad, Simba Guillaume, Samba Guillaume, Ngabo Simba, Lieutenant-Colonel Feidhm/grád: Leas-Cheannasaí ar "*Commando de recherche et d'action en profondeur*" (CRAP) Fórsaí Daonlathacha na Saoirse i Ruanda/*Forces Combattantes Abacunguzi* (FDLR/FOCA) Náisiúntacht: Ruandach Inscne: fireann	Tá ról ceannasach mar Leas-Cheannasaí ag Pierre Celestin Rurakabije laistigh de Fhórsaí Daonlathacha na Saoirse i Ruanda – *Forces Combattantes Abacunguzi* (FDLR-FOCA), grúpa armtha neamhrialtasach atá ag feidhmiú in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Go háirithe, is é Leas-Cheannasaí "*Commando de recherche et d'action en profondeur*" (CRAP) de FDLR-FOCA – a mheastar mar aonad cománlach agus faisnéise an ghrúpa armtha. Is grúpa armtha Hutu den chuid is mó é FDLR-FOCA, ar ghlac cuid dá cheannairí páirt i gcinedhíothú 1994 i Ruanda. Cuireann FDLR-FOCA, lena n-áirítear an t-aonad CRAP, leis an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, go háirithe trí fhoréigean agus trí mhí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine, lena n-áirítear ionsaithe ar shibhialtaigh, maruithe, foréigean in aghaidh leanaí, éigniú agus gníomhartha foréigin ghnéasaigh eile. Mar gheall ar a ról ceannasach in FDLR, tá baint ag Pierre Celestin Rurakabije, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha iad ar chearta an duine. Tá sé freagrach freisin as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.	26.7.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
30.	Gustave KUBWAYO	ar a dtugtar freisin Sirkoof, Surkoof, Sirkoff, Surcouf, Surcoff, Surcof, Surkouf, Syrkoff, Modeste, Slycove, Colonel Feidhm/grád: Ceannasaí "*Commando de recherche et d'action en profondeur*" (CRAP) i bhFórsaí Daonlathacha na Saoirse i Ruanda/*Forces Combattantes Abacunguzi* (FDLR/FOCA) Áit bhreithe: Bardas Karago, Maoracht Gisenyi, Ruanda; nó Nyabihu District, Western province, Ruanda Náisiúntacht: Ruanda Inscne: fireann	Tá ról ceannasach mar cheannaire ag Gustave Kubwayo i bhFórsaí Daonlathacha na Saoirse i Ruanda – *Forces Combattantes Abacunguzi* (FDLR-FOCA), grúpa armtha atá ag feidhmiú in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Tá sé i gceannas ar aonad speisialta "*Commando de recherche et d'action en profondeur*" (CRAP) an FDLR-FOCA – a mheastar mar aonad cománlach agus faisnéise an ghrúpa armtha. Is grúpa armtha Hutu den chuid is mó é FDLR-FOCA, ar ghlac cuid dá cheannairí páirt i gcinedhíothú 1994 i Ruanda. Rinne trodaithe FDLR-FOCA, lena n-áirítear aonad CRAP, éigniú agus gníomhartha eile foréigin ghnéasaigh agus mharaigh siad sibhialtaigh. Tá FDLR-FOCA páirteach go córasach i bhfuadaigh i gcomhair airgead fuascailte, coinneála agus básuithe treallacha sibhialtach agus in earcú comhraiceoirí leanaí. Tá baint ag an ngrúpa armtha freisin le lománaíocht neamhdhleathach, le saothrú acmhainní nádúrtha mar shampla fioghual, agus le cáin a bhailiú go neamhdhleathach ag seicphointí. Ina cháil mar Cheannasaí ar aonad CRAP, tá baint ag Gustave Kubwayo le gníomhartha a dhéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha iad ar chearta an duine. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.	26.7.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2064/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
31.	Jean Claude HABYARIMANA MBITSE	ar a dtugtar freisin Jules MULUMBA, Habyarimana Mbitshemunda Feidhm/grád: Urlabhraí “*Collectif des mouvements pour le changement/Forces de défense du peuple*” (CMC-FDP), Urlabhraí agus Oifigeach Idirchaidrimh VDP Áit bhreithe: Rugari Groupement, Rutshuru Territory, cúige North Kivu, Poblacht Dhaonlathach an Chongó Seoladh: Bujumbura, an Bhurúin Náisiúntacht: Congólach Inscne: fireann	Tá ról ceannasach ag Jean Claude Habyarimana Mbitse mar urlabhraí ar “*Collectif des mouvements pour le changement/Forces de défense du peuple*” (CMC-FDP), grúpa armtha neamhrialtasach atá ag feidhmiú in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Ina theannta sin, tá ról ceannasach ag Jean Claude Habyarimana Mbitse mar urlabhraí agus oifigeach idirchaidrimh “Wazalendo” nó “*Volontaires pour la Défense de la Patrie*” (VDP), comhghuaillíocht de ghrúpaí armtha neamhrialtasacha atá ag feidhmiú in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, a throideann i gcoinne chomhghuaillíocht M23/RDF/AFC. Coinníonn CMC-FDP agus VDP an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, go háirithe trí fhoréigean a ghríosú. Go háirithe, rinne comhraiceoirí CMC-FDP agus VDP sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine in aghaidh sibhialtach. Mar shampla, tá comhraiceoirí VDP páirteach go córasach i bhfuadaigh i gcomhair airgead fuascailte, i gcoinneáil threallach agus básuithe treallacha agus in earcú comhraiceoirí leanaí. Mar gheall ar a ról ceannasach in CMC-FDP agus VDP, tá baint ag Jean Claude Habyarimana Mbitse, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha iad ar chearta an duine. Tá sé freagrach freisin as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.	26.7.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
32.	Dominique KAMANZI NDARURUTSE	ar a dtugtar freisin Domi, Dominique NDARURUTSE, Général, Dominique NDARUHUTSE Feidhm/grád: Ceannasaí *Collectif des Mouvements pour le Changement-Forces de Défense du Peuple* (CMC-FDP) Dáta Breithe: 1982 Áit bhreithe: Kashavu, Bukombo *Groupement*, Rutshuru Territory, cúige North Kivu, Poblacht Dhaonlathach an Chongó Náisiúntacht: Congólach Inscne: fireann	Tá Dominique Kamanzi Ndarurutse ina Cheannasaí ar an gcomhghuaillíocht ar a dtugtar "*Collectif des Mouvements pour le Changement-Forces de Défense du Peuple*" (CMC-FDP), grúpa armtha atá gníomhach in oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus atá mar chuid de chomhghuaillíocht dá ngairtear "*Wazalendo*" nó "*Volontaires pour la Défense de la Patrie*" (VDP), a bhfuil Fórsaí Armtha Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus roinnt grúpaí armtha eile páirteach inti. Tá an chomhghuaillíocht sin ag troid i gcoinne chomhghuaillíocht Gluaiseacht an 23 Márta/Arm Réabhlóideach an Chongó (M23/RDF) agus "*Alliance Fleuve Congo*" (AFC) in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus bhí baint aici le sáruithe ar chearta an duine. Coinníonn CMC-FDP agus VDP an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, go háirithe trí fhoréigean a ghríosú. Go háirithe, rinne comhraiceoirí CMC-FDP agus VDP sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine in aghaidh sibhialtach. Mar shampla, tá comhraiceoirí VDP páirteach go córasach i bhfuadaigh i gcomhair airgead fuascailte, i gcoinneáil threallach agus básuithe treallacha agus in earcú comhraiceoirí leanaí. Mar Cheannasaí ar CMC-FDP, tá a cheannas míleata á fheidhmiú ag Dominique Kamanzi Ndarurutse agus, dá bhrí sin, tá baint aige le gníomhartha a dhéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha iad ar chearta an duine. Ina cháil mar cheannaire ar CMC-FDP, tá sé freagrach freisin as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.	26.7.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2064/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
33.	Amigo KIBIRIGE	ar a dtugtar freisin Kibirige Muhammand, Mzee Amigo, Simba Amigo, Marine Feidhm/grád: Ceannasaí ar Allied Democratic Forces Dáta Breithe: 1975 go 1979 Áit bhreithe: Masaka, Uganda Náisiúntacht: Ugandach Inscne: fireann	Is Ceannasaí ar Allied Democratic Forces (ADF) é Amigo Kibirige. Is grúpa armtha neamhrialtasach é ADF atá ag feidhmiú in Uganda agus in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Aithníodh Amigo Kibirige mar dhuine de phríomhcheannasaithe ADF atá ag feidhmiú in Mwalika. Coinníonn ADF an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (go háirithe i gcúigí Ituri agus Kivu Thuaidh), mar shampla trí ionsaithe a dhéanamh ar shibhialtaigh. Ina theannta sin, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear ionsaithe ar shibhialtaigh, maruithe agus fuadaigh. Mar gheall ar a ról sinsearach ceannasach mar Cheannasaí ar ADF, tá baint ag Amigo Kibirige le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha iad ar chearta an duine. Tá sé freagrach freisin as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.	26.7.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
34.	Augustin MIGABO	Feidhm/grád: Coirnéal, Leas-Cheannasaí ar Cheannasaíocht Fórsa Speisialta Fhórsa Cosanta Ruanda (RDF) Dáta breithe: Márta 1968 Áit bhreithe: an Bhurúin Náisiúntacht: Ruandach Uimhir seirbhíse míleata: 1574 Inscne: fireann	Tá ról ceannasach ag an gCoirnéal Augustin Migabo mar Leas-Cheannasaí ar Cheannasaíocht Fórsa Speisialta Fhórsa Cosanta Ruanda (RDF), a imscaradh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó ó mhí na Bealtaine 2022, go sonrach i réigiún Kivu Thuaidh. Tá sé mar chuspóir ag RDF i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, oibríochtaí Ghluaiseacht an 23 Márta/Arm Réabhlóideach an Chongó (M23/ARC), grúpa armtha neamhrialtasach atá ag feidhmiú in Oirthear an Chongó, a threisiú trí thrúpaí agus trealamh a chur ar fáil. Is sárú ar iomláine chríochach Phoblacht Dhaonlathach an Chongó é an RDF a bheith ar chríoch an DRC. Coinníonn sé an choinbhleacht armtha freisin, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun sa réigiún chomh maith leis na mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine agus na sáruithe tromchúiseacha a rinne comhaltaí M23/ARC. Mar gheall ar a ról ceannasach laistigh de thrúpaí RDF atá i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, tá Augustin Ryarasa Migabo freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Tá sé freagrach freisin as tacaíocht a thabhairt don ghrúpa armtha M23/ARC, a choinníonn an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, go háirithe trí thrúpaí agus trealamh a chur ar fáil.	26.7.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2064/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
35.	Corneille NANGAA YOBELUO	Feidhm/grád: Bunaitheoir, ceannaire agus comhordaitheoir polaitiúil “*Alliance Fleuve Congo*” (AFC) Dáta Breithe: 9.7.1970 Áit bhreithe: Bagboya, Wamba Territory, Haut-Uele Province, Poblacht Dhaonlathach an Chongó Náisiúntacht: Congólach Pas uimhir: DP0000149, DP0003850 Inscne: fireann	Tá ról ceannasach ag Corneille Nangaa Yobeluo mar bhunaitheoir, ceannaire agus comhordaitheoir polaitiúil “*Alliance Fleuve Congo*” (AFC), gluaiseacht pholaitiúil-mhíleata atá ag feidhmiú in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus a bhfuil baint oscailte aici le roinnt grúpaí armtha neamhrialtasacha, lena n-áirítear Gluaiseacht an 23 Márta/Arm Réabhlóideach an Chongó (M23/ARC). Tá roinnt grúpaí armtha neamhrialtasacha, lena n-áirítear M23/ARC, ag cur le coinbhleacht armtha, éagobhsaíocht agus neamhshláine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, le tacaíocht ó “*Alliance Fleuve Congo*” (AFC). Gríosaíonn AFC foréigean freisin trí iarraidh go poiblí arís agus arís eile go gcuirfí rialtas an Chongó as cumhacht, trí bhealaí míleata agus foréigneacha. Mar gheall ar a ról ceannasach mar bhunaitheoir, ceannaire agus comhordaitheoir polaitiúil AFC, tá Corneille Nangaa Yobeluo freagrach, dá bhrí sin, as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Tá sé freagrach freisin as tacaíocht a thabhairt don ghrúpa armtha M23/ARC, a choinníonn an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, go háirithe trí chomhghuaillíocht a bhunú agus oibriú i ndlúthchomhar le M23/ARC.	26.7.2024’;

(2) cuirtear an t-eintiteas seo a leanas le Roinn B ('Eintitis'):

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
'1.	*Alliance Fleuve Congo* (AFC)	Dáta a cruthaithe: 15.12.2023 Áit chruthaithe: an Chéinia	Gluaiseacht pholaitiúil-mhíleata is ea "*Alliance Fleuve Congo*" (AFC) a oibríonn in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus atá bainteach go hoscailte le roinnt grúpaí armtha neamhrialtasacha, lena n-áirítear Gluaiseacht an 23 Márta/Arm Réabhlóideach an Chongó (M23/ARC). Tá roinnt grúpaí armtha neamhrialtasacha, lena n-áirítear M23/ARC, ag cur le coinbhleacht armtha, an neamhshláine, agus an éagobhsaíocht i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, le tacaíocht ó AFC. Gríosaíonn AFC foréigean freisin trí iarraidh go poiblí arís agus arís eile go gcuirfí rialtas an Chongó as cumhacht, trí bhealaí míleata agus foréigneacha. Tá AFC, dá bhrí sin, freagrach freisin as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Tá AFC freagrach freisin as tacaíocht a thabhairt don ghrúpa armtha M23/ARC, a choinníonn an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, go háirithe trí chomhghuaillíocht a bhunú agus oibriú i ndlúthchomhar le M23/ARC.	26.7.2024'.

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2064/oj